Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**14952/23**

**CDR 172**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar beirt chomhaltaí agus ceathrar comhaltaí malartacha, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar beirt chomhaltaí agus ceathrar comhaltaí malartacha, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint do na tograí ó rialtas na Spáinne,

1 IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157[1], lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025. An 6 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/1835[2], lena gceaptar beirt chomhaltaí mhalartacha, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Francesca Lluch ARMENGOL i SOCIAS agus Francisco Javier LAMBÁN MONTAÑÉS a cheapadh.

(4) Tá suíocháin ceathrar comhaltaí malartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Francisco Celso GONZÁLEZ GONZÁLEZ, José Francisco HERRERA ANTONAYA, Julián José ZAFRA DÍAZ, agus Maria Teresa PÉREZ ESTEBAN a cheapadh.

(5) Mhol rialtas na Spáinne na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlacht réigiúnach iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Jorge Antonio AZCÓN NAVARRO, *Presidente de la Comunidad Autónoma de Aragón* (Uachtarán Phobal Féinrialaitheach Aragón) agus Margarita PROHENS RIGO, *Presidenta del Gobierno de las Illes Balears* (Uachtarán Rialtas na nOileán Bailéarach).

---

[1] Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

[2] Cinneadh (AE) 2021/1835 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena gceaptar beirt chomhaltaí mhalartacha, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún (IO L 372, 20.10.2021, lgh. 14-15).

(6) Mhol rialtas na Spáinne na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlacht réigiúnach iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó ar ionadaithe do chomhlacht réigiúnach iad atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Celia ALBERTO PÉREZ, *Directora General de Asuntos Europeos del Gobierno de Canarias* (Ard-Stiúrthóir um Ghnóthaí Eorpacha, Rialtas na nOileán Canárach), Esther HERRANZ GARCÍA, *Directora General de Fondos y Relaciones con la Unión Europea del Gobierno de La Rioja* (Ard-Stiúrthóir um Chistí agus um Chaidreamh leis an Aontas Eorpach, Rialtas La Rioja), Tomasa HERNÁNDEZ MARTÍN, *Consejera de Presidencia, Interior y Cultura , Gobierno de Aragón* (Aire Réigiúnach a bhfuil cúraimí na hUachtaránachta, na nGnóthaí Baile agus an Chultúir uirthi, Rialtas Aragon), agus Cristina MENÉNDEZ ÁLVAREZ, *Directora General de Cooperación con el Estado y la Unión Europea, Comunidad de Madrid* (Ard-Stiúrthóir um Chomhar leis an Stát agus leis an Aontas Eorpach, Pobal Mhaidrid),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad a bhfuil acu sainordú toghchánach nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhaltaí:

– Jorge Antonio AZCÓN NAVARRO, *Presidente de la Comunidad Autónoma de Aragón* (Uachtarán Phobal Féinrialaitheach Aragón),

– Margarita PROHENS RIGO, *Presidenta del Gobierno de las Illes Balears* nó *Presidenta de la Comunidad Autónoma de las Illes Balers* (Uachtarán Rialtas na nOileán Bailéarach),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

– Celia ALBERTO PÉREZ, *Directora General de Asuntos Europeos del Gobierno de Canarias* (Ard-Stiúrthóir um Ghnóthaí Eorpacha, Rialtas na nOileán Canárach),

– María Esther HERRANZ GARCÍA, *Directora General de Fondos y Relaciones con la Unión Europea del Gobierno de La Rioja* (Ard-Stiúrthóir um Chistí agus um Chaidreamh leis an Aontas Eorpach, Rialtas La Rioja),

– Tomasa HERNÁNDEZ MARTÍN, *Consejera de Presidencia, Interior y Cultura,Gobierno de Aragón* (Aire Réigiúnach a bhfuil cúraimí na hUachtaránachta, na nGnóthaí Baile agus an Chultúir uirthi, Rialtas Aragon),

– Cristina MENÉNDEZ ÁLVAREZ, *Directora General de Cooperación con el Estado y la Unión Europea, Comunidad de Madrid* (Ard-Stiúrthóir um Chomhar leis an Stát agus leis an Aontas Eorpach, Pobal Mhaidrid),

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*